2009. M24T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 4.50**

**Scrúduimhir**

**Don Scrúdaitheoir**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** | **Comh. Ach.** |
|---|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | | |
| Ceist 2 | | | | |
| Ceist 3 | | | | |
| Ceist 4 | | | | |
| Ceist 5 | | | | |
| Ceist 6 | | | | |
| Ceist 7 | | | | |
| Ceist 8 | | | | |
| Ceist 9 | | | | |
| Ceist 10 | | | | |
| Ceist 11 | | | | |
| Ceist 12 | | | | |
| Marc Carnach | | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | | |
| **Marc Glan** | | | | |

**N.B. Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfear marcanna.**


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Crios Fodhuchtaithe**




*www.school–portal.co.uk*

Scrúdaigh an léaráid seo a léiríonn crios fodhuchtaithe.
Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A** go **D** leis an ngné cheart sa tábla thíos:

| Gné | Litir |
|---|---|
| Astanaisféar | |
| Litisféar | |
| Crios Fodhuchtaithe | |
| Ionsánna Bolcánacha | |

**[8m]**

**2. Sliochtléarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis de Chill Mhantáin agus an eochair eolais atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Scríobh sa spás atá ann dó an freagra ceart ar **gach ceann** seo a leanas:

(i) Is é atá sa seaniarsma atá le fáil ag **T 274 914** ná ____________________________

(ii) Is é an cineál fáschoille atá le fáil ag **T 265 965** ná _________________________

(iii) Cén tagairt eangaí sé fhigiúr atá ag an b**pointe is airde**? ______________________

(iv) Is é **achar iomlán** na sliochtléarscáile ná ________________ km cearnach.

**[8m]**

**3. Aerfótagraf & Suirbhéireacht Ordanáis**

Scrúdaigh an tAerfótagraf **agus** an Léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Scríobh sa spás atá ann dó an freagra ceart ar **gach ceann** seo a leanas:

(i) Agus úsáid á baint agat as an Aerfótagraf & as Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis araon sainaithin an treo ina raibh an ceamara dírithe nuair a glacadh an tAerfótagraf:
_____________________________

(ii) Cén cineál aerfótagraif é seo? *[Cuir tic sa bhosca ceart*]:

*Ceartingearach* ☐ *Sceabhach* ☐

(iii) Cén séasúr den bhliain inar glacadh an fótagraf seo? __________________________

(iv) Cuir píosa fianaise amháin ar fáil mar thaca leis an séasúr a roghnaigh tú._________


___________________________________________________________________________

**[8m]**


4. **Aerfótagraf**

Scrúdaigh an tAerfótagraf de chuid de Chill Mhantáin atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Ag baint úsáide duit as nodaireacht chomhghnásach (Cúlra ar dheis etc.), luaigh, sa bhosca cuí, suíomh gach ceann de na sleachta seo thíos as an bhfótagraf:










**[8m]**

## 5. Léirléamh Satailíte




*www.upload.wikimedia.com*

Cuir isteach an litir cheart **A** go **D** sna spásanna thíos, chun gach ceann de na híomhánna éagsúla satailíte a shainaithint:

| Íomhá | Litir |
|---|---|
| Hairicín (Gustav) | |
| Dífhoraoisiú (An Bhrasaíl) | |
| Tinte Mongaigh (An Ghréig) | |
| Deilt (An Níl) | |

**[8m]**

## 6. Gnéithe tíre

Meaitseáil **gach ceann** de na próisis dromchla i gColún A leis an sampla ceart i gColún B.

| Colún A | |
|---|---|
| *Creimtheach* | ***A*** |
| *Struchtúrach* | ***B*** |
| *Ollghluaiseacht* | ***C*** |
| *Sil-leaganach* | ***D*** |

| Colún B | |
|---|---|
| *Ithirthéaltú* | ***1*** |
| *Fillsléibhte* | ***2*** |
| *Coirín* | ***3*** |
| *Eiscir* | ***4*** |

| Litir | Uimhir |
|---|---|
| ***A*** | |
| ***B*** | |
| ***C*** | |
| ***D*** | |

**[8m]**

## 7. Cineálacha Réigiún in Éirinn

Ón staidéar atá déanta agat ar thíreolaíocht réigiúnach, meaitseáil **gach ceann** de na samplaí i gColún A leis an gcineál ceart réigiúin i gColún B.


| Colún A | |
|---|---|
| *Cathair Chorcaí* | ***A*** |
| *Carst* | ***B*** |
| *Fionnuar Measartha Aigéanach* | ***C*** |
| *Contae Chill Mhantáin* | ***D*** |

| Colún B | |
|---|---|
| *Comhaeráideach* | ***1*** |
| *Riarachán* | ***2*** |
| *Geomorfach* | ***3*** |
| *Uirbeach* | ***4*** |

| Litir | Uimhir |
|---|---|
| ***A*** | |
| ***B*** | |
| ***C*** | |
| ***D*** | |

**[8m]**

## 8. Gnéithe Cósta






Féach ar an bhfótagraf thuas. Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A** go **D** leis an ngné cheart sa tábla thíos:

| Gné | Litir |
|---|---|
| Clár Tonnghearrtha | |
| Bá | |
| Poll Séideáin | |
| Stacán/Stumpa Farraige | |

**[8m]**

**9. Cineálacha Carraigeacha**










*www.geology.about.com/www.beg.utexas.edu*


Scrúdaigh na híomhánna thuas agus cuir an litir chuí i ngach ceann de na boscaí thíos chun gach cineál carraige a shainaithint:

| Cineál Carraige | Litir |
|---|---|
| Slinn | |
| Basalt | |
| Sean-Ghaineamhchloch Rua | |
| Aolchloch | |

**[8m]**

## 10. Gnéithe Tíre

Féach ar an tSliochtléarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis thíos agus freagair na ceisteanna:




| Ceist | Freagra |
|---|---|
| Sainaithin an droim oighreach atá ag **A**. | |
| Sainaithin an tírghné oighreach atá ag **B**. | |
| Sainaithin an tírghné abhann atá ag **C**. | |
| Sainaithin an tírghné abhann atá ag **D**. | |

**[8m]**

## 11. Éire – Daonra de réir Aoise, 2006

| Aoisghrúpa (blianta) | Fireannaigh | % | Baineannaigh | % | Daoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 0-14 | 443,044 | 10% | 421,405 | 10% | 864,449 |
| 15-24 | 321,007 | 8% | 311,725 | 7% | 632,732 |
| 25-44 | 681,988 | 16% | 663,885 | 16% | 1,345,873 |
| 45-64 | 468,037 | 11% | 460,831 | 11% | 928,868 |
| 65 + | 207,095 | 5% | 260,831 | 6% | 467,926 |
| **Iomlán** | **2,121,171** | **50%** | **2,118,677** | **50%** | **4,239,848** |

*www.cso.ie*

Bain úsáid as na sonraí sa tábla thuas chun na ráitis seo a leanas a chríochnú:

(i) Sa bhliain 2006 bhí 632,732 duine san aoisghrúpa _________________.


(ii) Bhí ___________________ % de na baineannaigh san aoisghrúpa 25 – 44.

(iii) Bhí céatadán na bhfireannach san aoisghrúpa 65+ _______ % níos lú ná céatadán na mbaineannach.

(iv) Ba é líon iomlán na ndaoine in Éirinn sa bhliain 2006 ná _______________ . **[8m]**

## 12. Cairteacha Aimsire den Atlantach

Scrúdaigh na Léarscáileanna Aimsire agus Scamall thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh:




*www.met.ie*

| | |
|---|---|
| Cén aicme lena mbaineann an cineál fronta aimsire atá os cionn Lár na hEorpa i **Léarscáil Aimsire A**? | |
| Luaigh brú baraiméadrach an fhrithchioclóin i **Léarscáil Aimsire B**? | |
| An bhfuil an ghaoth láidir nó lag in Éirinn i **Léarscáil Aimsire C**? | |
| Cé acu ceann de na Léarscáileanna Aimsire A, B nó C a seasann **Léarscáil Scamall D** di? | |

**[8m]**

**CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC**

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **Dhá** cheist as **Roinn 1**
- Ceist **amháin** as **Roinn 2**
- Ceist **amháin** as **Roinn 3**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

**ROINN 1 – CROÍ-AONAID**

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 1**

## A. SLIOCHTLÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh an sliochtléarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo. **I do fhreagarleabhar,** tarraing sracléarscáil ar **leathscála** den limistéar a léirítear. Ar an léarscáil sin, marcáil agus sainaithin **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Cúrsa iomlán Abhainn Fheartraí
- Talamh os cionn 100 méadar taobh ó dheas den Tuaidhlíne 95
- Gné tíre amháin a cruthaíodh de thoradh próisis chreimthe chósta
- Gné tíre amháin a cruthaíodh de thoradh próisis sil-leagain chósta.

**[20m]**

## B. IMILL PHLÁTAÍ

Mínigh, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, conas a chuidíonn teicteonaic phlátaí linn tuiscint a fháil ar na fórsaí a bhíonn ag oibriú ar feadh imill phlátaí screimhe.

**[30m]**


## C. FORBAIRT TÍRGHNÉ

Scrúdaigh, le cabhair léaráid/léaráidí lipéadaithe, na próisis a mhúnlaigh tírghné **amháin** de do rogha féin in Éirinn.

**[30m]**

Ceist 2

## A. PLÁTAÍ SCREIMHE




*www.media maps.com*

Scrúdaigh an léarscáil thuas, a léiríonn mórphlátaí screimhe an Domhain.
Freagair iad seo a leanas **i do fhreagarleabhar**:

(i) Ainmnigh an t-oileán bolcánach atá ag **L**.
(ii) Cén téarma, tógálach nó scriosach, is fearr a chuireann síos ar an teorainn plátaí **M**?
(iii) Ainmnigh an pláta atá ag **N**.
(iv) Cé acu ceann de na ráitis seo a leanas atá **Bréagach**?

**O.** De réir mar a ghluaiseann na plátaí amach óna chéile (go han-mhall) éiríonn magma as an maintlín.
**P.** Feachtanna comhiompair laistigh den Domhan a thugann ar phlátaí an domhain gluaiseacht amach óna chéile.
**Q.** Gluaiseann Pláta Mheiriceá Thuaidh soir.
**R.** Is minic a dhéantar bolcáin ag teorainneacha plátaí.

**[20m]**

## B. CARRAIGEACHA

Agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn, scrúdaigh múnlú carraigeacha dríodair.

**[30m]**

## C. IDIRGHNÍOMHAÍOCHT AN DUINE


Agus tagairt agat do **cheann amháin** díobh seo a leanas, pléigh conas a idirghníomhaíonn daoine le timthriall na carraige:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

Ceist 3

## A. TIMTHRIALL NA CARRAIGE




*www.pullouttheplug.co.uk*

Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair iad seo **i do fhreagarleabhar**:

(i) Sainaithin an grúpa carraigeacha atá le fáil ag **A**.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de charraig laistigh den ghrúpa carraigeacha atá ainmnithe i gcuid (i).

(iii) Sainaithin an grúpa carraigeacha atá le fáil ag **B**.

(iv) Ainmnigh bruthcharraig **amháin** a fhoirmítear taobh **thíos** de dhromchla an domhain.

**[20m]**

## B. FORBAIRT TÍRGHNÉITHE

Tagann coigeartú ar an gcothromaíocht idir talamh agus farraige i gceist le próisis iseastatacha. Phléigh an chaoi a ndearna na próisis seo tírdhreach na hÉireann a mhúnlú le himeacht ama.

**[30m]**

## C. IDIRGHNÍOMHAÍOCHT AN DUINE

Agus tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas, scrúdaigh conas a imríonn gníomhaíochtaí daonna tionchar ar phróisis dromchla:

- Próisis ollghluaiseachta
- Próisis abhann
- Próisis chósta.


**[30m]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Freagair ceist AMHÁIN**

Ceist 4

## A. COINCHEAP AN RÉIGIÚIN




Scrúdaigh na píchairteacha thuas a sheasann do Chroí-Réigiún agus do Réigiún Forimeallach. Freagair na ceisteanna seo a leanas **i do fhreagarleabhar**:

(i) Sainaithin cé acu cairt **A** nó cairt **B** a sheasann do Chroí-Réigiún.
(ii) Luaigh sampla **amháin** de Réigiún Forimeallach laistigh den Eoraip.
(iii) Sonraigh tréith **amháin** a chinntíonn réigiún mar Chroí-Réigiún.
(iv) Sonraigh tréith **amháin** a chinntíonn réigiún mar Réigiún Forimeallach.

**[20m]**

## B. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA PRÍOMHÚLA

Déan cur síos ar, agus mínigh, **dhá** thoisc fhisiceacha a chuaigh i bhfeidhm ar fhorbairt na talmhaíochta i **Réigiún Éireannach** amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## C. PRÓISIS DHAONNA

Scrúdaigh conas a chuaigh leibhéal forbartha na heacnamaíochta i **Réigiún Eorpach [taobh amuigh d'Éirinn],** a bhfuil staidéar déanta agat air, i bhfeidhm ar dháileadh an phobail sa réigiún.

**[30m]**

**Ceist 5**

## A. RÉIGIÚIN IN ÉIRINN

Tarraing léarscáil imchrutha **d'Éirinn** i do fhreagarleabhar. Taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas ar an léarscáil sin:

(i) **Dhá** réigiún chodarsnacha.
(ii) **Dhá** ghné fhisiceacha dhifriúla den tírdhreach – ceann i **ngach réigiún**.
(iii) **Dhá** ionad uirbeacha – ceann i **ngach réigiún**.

**[20m]**

## B. AN tAONTAS EORPACH

Déan cur síos ar **dhá** shlí a raibh tionchar ag méadú an Aontais Eorpaigh ar Éirinn, agus tabhair míniú orthu.

**[30m]**

## C. GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCHTA THREASACH

Mínigh forbairt gníomhaíocht eacnamaíochta threasach **amháin** i **Réigiún Ilchríche / Fo-Ilchríche amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**Ceist 6**

## A. RÉIGIÚN ILCHRÍCHE / FO-ILCHRÍCHE

Tarraing léarscáil imchrutha de **Réigiún Ilchríche/Fo-ilchríche** i do fhreagarleabhar.
Taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas ar an léarscáil sin:

(i) **Dhá** ghné fhisiceacha den tírdhreach.
(ii) **Dhá** ionad uirbeacha.

**[20m]**

## B. FÁS UIRBEACH

Scrúdaigh forbairt limistéar uirbeach **amháin** i réigiún **Eorpach [taobh amuigh d'Éirinn]** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## C. GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCHTA THÁNAISTEACH

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar fhorbairt gníomhaíochtaí eacnamaíochta tánaisteacha i **réigiún Éireannach** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**ROINN 2 – TOGHAONAID**

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN**

**as**

- **Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

- **Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 7**

## A. FUINNEAMH IN ÉIRINN

**An Céatadán de Riachtanais Fuinnimh na hÉireann de réir Earnálacha Áirithe in 1990 & 2006**.

| Earnáil | 1990 | 2006 |
|---|---|---|
| **Tionsclaíocht** | 27% | 23% |
| **Iompar** | 22% | 34% |
| **Seirbhísí** | 15% | 16% |
| **Talmhaíocht** | 4% | 2% |

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a léiríonn an Céatadán de Riachtanais Fuinnimh na hÉireann de réir Earnála Áirithe sna blianta 1990 & 2006.
Agus úsáid á baint agat as **grafpháipéar**, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

**[20m]**

## B. AN tSUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Agus tú ag úsáid fianaise ón léarscáil seo mar thaca le do fhreagra, luaigh agus mínigh **trí** chúis a bhfuil an t-eastát tionsclaíochta suite ag an tagairt eangaí **T 285 955**.

**[30m]**

## C. GEILEAGAIR ATÁ AG FORBAIRT

Scrúdaigh tionchar an choilíneachais ar gheilleagar atá ag forbairt a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**Ceist 8**

## A. TREOIRUIMHIR FORBARTHA DAONNA

| Tír | Ionchas Saoil ina bhlianta in 2005 | Ráta Litearthachta Aosaigh 1995 - 2005 | OTI per capita (PPP $SAM) 2005 | Treoiruimhir Forbartha Daonna (TFD) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1975 | 1985 | 1995 | 2005 |
| **An Íoslainn** | 81.5 | .. | 36,510 | 0.87 | 0.90 | 0.92 | 0.97 |
| **Éire** | 78.4 | .. | 38,505 | 0.82 | 0.85 | 0.90 | 0.96 |
| **An Fhrainc** | 80.2 | .. | 30,386 | 0.86 | 0.88 | 0.93 | 0.95 |
| **SAM** | 77.9 | .. | 41,890 | 0.87 | 0.90 | 0.93 | 0.95 |
| **An Iodáil** | 80.3 | 98.4 | 28,529 | 0.85 | 0.87 | 0.91 | 0.94 |
| **An Bhrasaíl** | 71.7 | 88.6 | 8,402 | 0.65 | 0.70 | 0.75 | 0.80 |
| **An tSín** | 72.5 | 90.9 | 6,757 | 0.53 | 0.60 | 0.69 | 0.78 |
| **An India** | 63.7 | 61 | 3,452 | 0.42 | 0.49 | 0.55 | 0.62 |
| **An Nigéir** | 46.5 | 69.1 | 1,128 | 0.32 | 0.39 | 0.43 | 0.47 |
| **Mailí** | 53.1 | 24.0 | 1,033 | 0.25 | 0.27 | 0.32 | 0.38 |

Agus tú ag tagairt don an tábla thuas, freagair na ceisteanna seo a leanas **i do fhreagarleabhar**:

(i) Cén tír a raibh an TFD ab ísle aici sa bhliain 2005?
(ii) Cén tír inar tharla an t-athrú ba mhó sa TFD ón mbliain 1975 i leith?
(iii) Is dhá tháscaire iad an Ráta Litearthachta Aosaigh agus an OTI a úsáidtear chun an TFD a mheas. Cad é an tríú táscaire?
(iv) Cad dó a seasann an téarma OTI?

**[20m]**

## B. CUIDEACHTAÍ ILNÁISIÚNTA

Scrúdaigh soghluaisteacht gníomhaíochtaí eacnamaíochta nua-aimseartha, agus tú ag tagairt do Chuideachta Ilnáisiúnta (CIN) **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

## C. TIONCHAR TIMPEALLACHTA

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar an tionchar a imríonn dó breoslaí iontaise ar an timpeallacht.

**[30m]**

**Ceist 9**

## A. AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chill Mhantáin atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Tarraing sracléarscáil a mbeidh **leath an fhaid agus leath an leithid** inti. Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh samplaí de na nithe seo a leanas a tharraingeodh tionscail go dtí an ceantar:

- Dhá mhodh **taistil** dhifriúla
- **Suíomh** oiriúnach do thionscal longthógála
- **Forbairt Tithíochta** nua.

**[20m]**

## B. LEASANNA EACNAMAÍOCHTA AGUS TIMPEALLACHTA

D'fhéadfadh coimhlint a bheith ann idir leasanna eacnamaíochta agus leasanna timpeallachta. Scrúdaigh an choimhlint sin agus tagairt agat do shampla **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## C. AN tAONTAS EORPACH

Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le ceann **amháin** díobh seo a leanas d'fhorbairt gheilleagar na hÉireann:

- An Comhbheartas Talmhaíochta
- An Comhbheartas Iascaireachta
- Cistí Forbraíochta Réigiúnaí
- Cistiú Sóisialta.

**[30m]**


**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Freagair ceist AMHÁIN**

**Ceist 10**

## A. Rátaí Beireatais

**Rátaí Beireatais na hEorpa, 2007**




Agus an léarscáil thuas mar fhoinse thagartha agat, freagair na ceisteanna seo a leanas i do fhreagarleabhar:

(i) Cad é ráta beireatais na hÍsiltíre sa bhliain 2007?
(ii) Cad é ráta beireatais na hEilvéise sa bhliain 2007?
(iii) Sainaithin toisc shóisialta amháin a imríonn tionchar ar an ráta beireatais.
(iv) Sainmhínigh an téarma *Ráta Básmhaireachta*.

**[20m]**

## B. PATRÚIN LONNAÍOCHTA

Scrúdaigh an tsliochtléarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Agus tú ag úsáid fianaise ón léarscáil mar thaca le do fhreagra, sainaithin agus mínigh **trí** phatrún lonnaíochta **tuaithe**.

**[30m]**

## C. DINIMIC LONNAÍOCHTA

Agus tagairt agat d'ionad uirbeach **amháin** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh conas a athraíonn a chuid feidhmeanna le himeacht ama.

**[30m]**

## Ceist 11

**A. UIRBIÚ**

| Réigiún Domhanda | Uirbeach 1975 | Uirbeach 2015 |
|---|---|---|
| **An Afraic** | 26 % | 47 % |
| **An Áise** | 24 % | 51 % |
| **An Eoraip** | 66 % | 76 % |
| **Meiriceá Thuaidh** | 74 % | 86 % |

Léiríonn an tábla thuas céatadán an phobail uirbigh i réigiúin roghnaithe sna blianta 1975 agus an céatadán tuartha do phobail uirbigh i réigiúin roghnaithe sna blianta 2015.
Bain úsáid as **grafpháipéar** agus tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

**[20m]**

**B. FADHBANNA I gCATHRACHA**

Agus tagairt agat do shampla **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air, scrúdaigh éifeachtacht straitéisí pleanála uirbí chun déileáil le fadhbanna uirbeacha.

**[30m]**

**C. RÓDHAONRA**

(i) Mínigh an téarma *ródhaonra*.
(ii) Scrúdaigh dhá chúis le ródhaonra i limistéar **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**Ceist 12**

## A. AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chill Mhantáin atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Tarraing sracléarscáil a mbeidh **leath an fhaid agus leath an leithid** inti. Ar an léarscáil sin taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas:

- **Forbairt tithíochta** nua
- Limistéar **caitheamh aimsire ar uisce**
- **Droichead**
- **Séipéal**.

**[20m]**

## B. IMIRCE

Agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, scrúdaigh **dhá** thionchar a bhaineann leis an imirce ón tuath go dtí ionaid uirbeacha.

**[30m]**

## C. TALAMHÚSÁID UIRBEACH

Agus tagairt agat do shampla **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos ar, agus mínigh, conas a athraíonn talamhúsáide i limistéir uirbeacha.

**[30m]**

## ROINN 3 - ROGHAONAID

## Freagair ceist AMHÁIN

**N.B.** Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**13.** Pléigh an ról a imríonn Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGO) sa 'díospóireacht faoin gcúnamh'.

**[80m]**

**14.** Táimid ag maireachtáil i ngeilleagar domhanda idirspleách. Bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí nó cinntí a dhéantar i limistéar amháin ar limistéir eile. Déan an tuairim sin a phlé.

**[80m]**

**15.** Cothaíonn an trádáil chóir forbairt inbhuanaithe. Déan an tuairim sin a phlé.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**16.** Agus tagairt agat do chineál ithreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, scrúdaigh conas a mbíonn tionchar ag an ábhar bunaidh, ag an aeráid agus ag ábhar orgánach ar an hithreach.

**[80m]**

**17.** Pléigh conas is féidir le gníomhaíochtaí daonna dlús a chur le creimeadh ithreach.

**[80m]**

**18.** Déan measúnú ar conas a d'athraigh gníomhaíocht dhaonna bithóim.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannasdel

**19.** Tá a lán tosca éagsúla ann a shainíonn féiniúlacht chultúrtha. Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do chás-staidéar **amháin** ar réigiún Eorpach a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

**20.** Bíonn coimhlintí ann idir struchtúir pholaitíochta agus grúpaí cultúir. Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

**21.** Déan plé ar conas a chuireann daoine a gcultúr agus a bhféiniúlacht in iúl sa ghnáthshaol.

**[80m]**

## An t-Atmaisféir/Comhshaol na n-Aigéan

**22.** Tabhair cuntas míniúcháin ar aeráid dhomhanda **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

**23.** Mínigh cén fáth a bhfuil an-éagsúlacht teochta ar dhromchla an domhain.

**[80m]**

**24.** Imríonn an aeráid tionchar ar fhorbairt eacnamaíochta. Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

# Leathanach Bán